

Osradharc ar struchtúr na chéad bhliana bunscoile i acomhthéacs an luath-thumoideachais iomláin

17 Samhain 2021

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

An Painéal

- **Jen Uí Dhuibhir** *(Cathaoirleach)*

Scoil Gharbháin, Dún Garbhán

- **Sinéad Ní Éigní** *(Cainteoir)*

Príomhoide Tánaisteach Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

I mbun Pleanála d’Aoisghrúpa na Naíonán Beag

Osradharc ar struchtúr na chéad bhliana bunscoile i gcomhthéacs an luath-thumoideachais iomláin.

Sinéad Ní Éigní

sinead.ni.eigni@gmail.com

17 Samhain, 2021

Ceardlann de chuid Gaeloideachas

17 Samhain, 2021

Clár na Ceardlainne

- Comhthéacs: Aistear Forbartha an Linbh
- Cur Chuige an Diantumtha
- An Luath-fhóineolaíocht
- Cleachtais Peannaireachta
- Forbairt Scileanna Luathléitheoireachta
- Straitéisí Luath-mhatamaitice
- Deasghnátha Ranga agus Smaointí Eile!
- Ceannródaithe Comhshaoil agus Timpeallachta

Comhthéacs: Aistear
Foghlama an Linbh Aonair

- Cosán foghlama an linbh
- Cúlra teangeolaíochta
- An Traein: Clár aistrithe a théann chun leasa an leanúnachais.
- Cur chuige céimniúil teagascóireachta atá sonrach don leanbh aonair.
- Seisiúin eolais do theaghlaigh

Cur Chuige an Diantumtha

- Cleachtais réamh-mhacnaimh an teagascóra
- Forbairt chognaíoch an linbh
- Ionchais arda i leith na teanga
- Spás foghlama ina bhfuil suaimhneas, compord agus nádúr le brath ann.
- Prionsabail atá mar ancaire na foghlama teanga: acmhainn, deis agus fonn.
- Déantar foghlaim rathúil teanga a chinntiú d’fhoghlaimeoirí agus ionchur fairsing curtha ar fáil. (Long, 2008, Lightbrown, 1985 7 Ellis, 2005)

- Spriocfhocail, gnéithe na gramadaí agus eochareiseamláirí a theagasc go sciliúil.
- Deiseanna idirghníomhaithe gan teor atá le cinntiú do na foghlaimeoirí chun cur ar a gcumas an teanga a úsáid go cruinn, inniúil.

An Luath-fhóineolaíocht

- Aibítir na Gaeilge
- Ainm agus fuaim na litreach
- Ceithre fhuaim sa tseachtain a chur faoi bhráid na bhfoghlaimeoirí le linn luath-sheachtainí na bliana scoile.
- Ceacht ranga agus gníomh baile
- As lámh a chéile a fheidhmíonn sealbhú fuaimeanna na haibítre



Cleachtais Peannaireachta

- Gníomhaíochtaí dathúcháin le criáin.
- Greim ceart ar an bpeann luaidhe
- Cleachtaí ina gceanglaítear daiseanna agus ina ndéantar rianiú.
- Leantar le cleachtaí réamh-pheannaireachta go mbainfear iniúlacht amach.
- Rogha idir litreacha le heireabaill agus peannaireacht cheangailte
- Dírítear ar threo ceart na litreach a chleachtadh ar feadh seachtaine agus tugtar dianchleachtadh fóinéim na litreach sin ar láimh ar bhonn comhuaineach.









Forbairt Scileanna Luathléitheoireachta

- Cleachtaí a chothaíonn feasacht fhóineolaíoch sa leanbh.
- Leabhair phictiúr
- Téacs ina bhfuil go leor athrá ann a thugann muinín don léitheoir óg.
- Eocharfhocail mar sprioc.
- Próiseas saoil atá indibhidiúil don bhfoghlaimeoir.
- Meon oscailte agus solúbthacht inár gcur chuigí.
- Réimse leathan téacsanna á chur faoi bhráid foghlaimeoirí an ranga.





Stráitéisí Luath-mhatamaitice

- Luathscileanna matamaitice á bhforbairt ar bhonn taitneamhach agus ábhar coincréideach in úsáid sa rang.
- Cláracha ar leith: *Réidh, Sochar, Déan!* agus *Mata sa Rang*.
- Acmhainní le dealraimh.
- Cleachtaí praiticiúla ranga.
- Mata sa timpeallacht agus scileanna matamaitice saoil ag feidhmiú ag croílár gach sprioc i leith an ábhair.



Deasghnátha Ranga agus Smaointí Eile!

- Aitheantas ar mholtaí
- Freagrachtaí agus rólanna ar leith a bhronnadh ar na leanaí.
- Cleachtais bhuana i gcás na haimsire, an chlóis, lón a ghlacadh, ionchais ghinearálta ranga.
- Chun cinn mar sprioc a fheidhmíonn neamhspleáchas an linbh.
- Meabhrúchán agus athmheabhrúchán tugtha don leanbh maidir leis an gcumas atá ann/ inti.
- Tosaíocht a dhéanamh de dheiseanna fiúntacha a bhronnadh ar leanaí an teanga a úsáid i gcomhthéacsanna iniata timpeall na scoile agus taobh amuigh sa chlós.
- Cinntiú gur i gcomhluadar leanaí atá níos sinne ná iad féin a bhíonn Naíonáin le go spléachfaidís atá rompu amach mar aistear scoile acu.

Ceannródaithe Comhshaoil agus Caomhnóirí Timpeallachta

- Ábhar agus maoin scoile
- Deasghnátha ranga
- Iompar gníomhach
- Cleachtais lóin
- Deisanna iniúchaidh lasmuigh a thapú
- Eiseamláirí de shórt is ea iad leanaí na naíonán beag. Leanaimís a sampla!

Mór mo Bhuíochas

Sinéad Ní Éigní
2021

Ceisteanna

1. Aon mholtaí ar leith do shuíomh ilrangach, ina bhfuil na Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra le chéile? Chomh maith leis sin, aon treoracha maidir le múineadh na seánraí scríbhneoireachta ag leibhéal na naíonán (braithim go bhfuil sé geall leis dodhéanta leis na Naíonáin Bheaga ach go háirithe)?
2. An múintear feasacht fhóineolaíoch agus fhóineamach roimh fhónaic a thosú?
3. Eolas agus comhairle maidir le fónaic, peannaireacht agus léitheoireacht?
4. An bhfuil aon áis ar fáil do mheasúnú sna luathbhlianta atá curtha in oiriúint do scoileanna ina bhfuil an Tumoideachas i bhfeidhm?

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

#ForbairtGaeloid

Tacaíochtaí ó Gaeloideachas

- Rannóg speisialta do mhúinteoirí : www.gaeloideachas.ie/is-muinteoir-oideoir-me/?lang=ga
- Beatha Teanga: www.gaeloideachas.ie/beatha-teanga
- Grúpa Facebook do Mhúinteoirí Bunscoile: www.facebook.com/groups/muinteoiribunscoile
- Nuachtlitir rialta do mhúinteoirí bunscoile: Cláraigh anseo

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Míle Buíochas libh as bheith linn!

Teaamháil

eolas@gaeloideachas.ie

01 853 5195

www.gaeloideachas.ie

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta